# Guth Ghoill

Luach € 2.00




## Dráma i mBaile Átha Cliath



Bhí cruinniú mór de mhuintir na háite i gClub na Múinteoirí, Baile Átha Cliath Dé hAoine, 16 Deireadh Fómhair nuair a chuir Aisteoirí Mhíobhaigh an dráma "An Croí Fealltach" ar an ardán. Oíche mhaith shóisialta agus chraic a bhí ann agus seo thuas cuid den tslua a bhí i láthair don ócáid. Bhí beirt de na haisteoirí, Seán Mac Giolla Bhríde agus Seosaimhín Uí Bhuaidh ar an ardán ar an Satharn arís san ionad céanna agus iad i mbun agallaimh beirte ag Éigse an Fhómhair.

# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar

Imirce as an Íochtar sa Chéad Dheireanach 3

Iascaireacht sna Dúnaibh sular tógadh an chéidhe 8

Cúrsaí Garchabhrach 9

Logainmneacha Dhumhaigh 10

Coirnéal Thuathail 12

Seal i Meiricéa Theas i 1997 13

Seanlitir i nGaeilge 16

Feadaímó 17

Lá an Fhómhair i gCoill Daireach 19

Dioplóma & Céim sa Ghaeilge 20

# Imirce as an Íochtar sa Chéad Dheireanach.

Ina miontráchtas a rinne Bernie Nic Giolla Bhríde as Gort na Luchóg dá céim sa Ghaeilge anuraidh rinne sí staidéar ar an imirce as an cheantar seo sa chéad dheireanach. (20ú aois). Dhírigh sí isteach ar dhá bhaile fearainn lena staidéar a dhéanamh—Dún Dúbhain agus Cluain tSaileach agus bhain sí úsáid as rollaí na scoile chun cuidiú léi na figiúirí seo a chur le chéile, na gasúraí agus na girseachaí as an dá bhaile fearainn a d'fhreastal ar scoil Mhíobhaigh idir 1900 agus 1990. Bhris sí an 20ú aois suas ina dhá chuid - ó 1900 go dtí 1945 agus ó 1946 go 1990 agus lena chois sin tá an treo ina ndeachaigh daoine ina saol i ndiaidh na scoile briste suas i gcatagóirí éagsúla aici fosta — iadsan nach ndearna obair shéasúrach agus nár fhág an baile, iadsan a chuaigh ar obair shéasúrach ach a chaith a saolta i Ros Goill, iadsan a bhí as baile níos mó na fiche bliain ach a tháinig ar ais chun an bhaile, iadsan a d'imigh agus a fuair bás ar shiúl, iadsan a d'fhág Ros Goill ach a d'fhan in Éirinn, iadsan a fuair bás óg( faoi chúig bliana is fiche), iadsan a bhí ar shiúl agus a tháinig ar ais 'na bhaile lena dteaghlaigh a thógáil, iadsan a d'imigh agus nár tháinig ar ais agus atá beo go fóill. Tá cuid mhór daoine i gceist agus as seo uilig tchífidh sibh go bhfuil ocht gcatagóir ar fad aici. Is cinnte go bhfuil na torthaí thar a bheith spéisiúil agus go bhfuil moladh mór tuillte ag Bernie as an staidéar seo a dhéanamh. Seo dréachtaí (píosaí éagsúla) as tráchtas Bhernie.



*Cluain tSaileach*

## Na Catagóirí;

1. Na daoine nár imigh agus nach ndearna obair shéasúrach.
2. Na daoine a chuaigh ar obair shéasúrach (go dtí an Lagán agus go hAlban san Fhómhar) ach a chaith a saolta i Ros Goill.
3. Na daoine a bhí ar shiúl níos mó ná fiche bliain agus a tháinig ar ais chun an bhaile.
4. Na daoine a d'imigh agus a fuair bás ar shiúl.
5. Na daoine a d'fhág Ros Goill ach a d'fhan in Éirinn.
6. Na daoine a fuair bás óg (faoi chúig bliana is fiche).
7. Na daoine a bhí ar shiúl ach a tháinig abhaile agus a thóg a dteaghlaigh i Ros Goill
8. Na daoine a d'imigh agus nach dtáinig ar ais ach atá beo go fóill.

CATAGÓIR 1: (Seo na daoine nár imigh agus nach ndearna obair shéasúrach).

## *1900 - 1945* (**Céadatáin**)

**1900-45** Buachaillí Dhún Dúbhain & Chluain tSaileach : 3% agus 6%
**1900-45** Cailíní Dhún Dúbhain & Chluain tSaileach: 7% agus 10%

Tá a fhios againn uaidh seo gur fíor-bheagán de na daoine a d'fhan sa bhaile agus go ndeachaigh a mbunús ar obair shéasúrach.
Nuair a chuirim na figiúirí ó 1946-90 i gcomparáid leo tchíonn tú difríocht iontach.

## *1946 - 1990*

**1946-90** Buachaillí Dhún Dúbhain & Chluain tSaileach: 46% agus 33%
**1946-90** Cailíní Dhún Dhúbhain & Chluain tSaileach: 13% agus 31%

Is fiú feiceáil go bhfuil difríocht mhór i gCatagóir 1 (1900 - 1945) agus Catagóir 1 (1945 - 1990) agus is é catagóir 4 (1900 - 1945), seo na daoine a d'imigh agus a fuair bás ar shiúil, an catagóir is suntasaí den iomlán nuair a chuirtear mná agus fir le chéile.

## <u>CATAGÓIR 4</u>: (Seo na daoine a d'imigh agus a fuair bás ar shiúl.)

## *1900—1945.*



*Seanscoil Mhíobhaigh*

**1900-45** Buachaillí Dhún Dúbhain & Chluain tSaileach: 38% agus 37 %
**1900-45** Cailíní Dhún Dúbhain & Chluain tSaileach: 60% agus 57 %

*Sa leabhar seo (Miller agus Mulholland Miller 2001, lth 16) tá alt suimiúil ann a aontaíonn leis na figiúirí atá agam sna táblaí agus sna graif.*
*"Of all the countries that sent immigrants to America, Ireland was unique in contributing as many women as men. During the late 1800s and early 1900s, Irish female immigrants actually outnumbered males - in sharp contrast to the overwhelmingly male migrations from southern and eastern Europe."*
Sa leabhar céanna (Miller agus Mulholland Miller) tá alt eile a thugann leid dúinn faoin chúis ar imigh an

oiread sin ban.

*"After the famine, Irish farmers ceased subdividing their farms to enable their children to marry early. Instead, they willed their farms intact to one son, who could not marry until his parents retired. Also, they refused to allow sons to marry women who lacked dowries of cash, cattle, or land, although poverty precluded most parents from giving dowries to more than one daughter. As a result of these changes, the Irish married less often and at older ages. By the 1920s Irishmen married at an average of thirty-five years, women at twenty-six, and at least a fourth of the latter never married at all. So for many young Irishwomen, America represented their best or only hope to marry and have families of their own."*

Nuair a chuirim na figiúirí ó 1946 - 1990 i gcomparáid le figiúirí 1900 - 1945 tá sé le feiceáil gur athraigh rudaí go mór sa dara leath den chéad.

## *1946 - 1990.*

**1946-90** Buachaillí Dhún Dhúbhain & Chluain tSaileach: 0% agus 0%
**1946-90** Cailíní Dhún Dhúbhain & Chluain tSaileach: 0% agus 0%

Tá sé le feiceáil ó na figiúirí seo nach bhfuair duine ar bith de na páistí a chuaigh chun na scoile le linn na mbianta seo (1945 - 1990) agus a d'imigh ina dhiaidh sin bás ar shiúl. Sin mar a bhí sé agus na figiúirí seo a gcur le chéile ach d'fhéadfadh seo athrú mar go bhfuil catagóir a 8 i gceist anseo, sin na daoine atá ar shiúl agus atá beo go fóill. D'fhéadfadh sé tarlú go bhfaigheadh a mbunús sin bás ar shiúl ach san am céanna ní bheidh an líon daoine seo ar dhóigh ar bith cosúil le figiúir 1900 - 1945.

## Comparáid na dTáblaí.

San alt seo thig linn figiúirí a chur leis na céadatáin agus ar an dóigh seo gheobhann muid léargas níos fearr ar cad é a bhí ag titim amach le linn an 20ú aois — imirce, dul chun cinn eacnamaíochta, titim i ndaonra na scoile agus an cheantair agus titim san imirce fhéin. Tá sé thar a bheith spéisiúil comparáid

*Dún Dúbhain*



a dhéanamh idir an chéad leath den fichiú haois agus an dara leath.

Thiocfadh leat a rá go bhfuil céad bliain de shaol an cheantair seo ina luí romhainn i bhfigiúirí. Sa chéad cheithre thábla tá buachaillí agus cailíní an dá bhaile fearainn, Cluain tSaileach agus Dún Dúbhain ó 1900 go 1945.

Tá trí shraith in achan tábla, sa chéad sraith tá na catagóir, sa dara sraith tá an líon daoine atá i gceist agus sa tsraith dheireanach tá na céadatáin.

## (1900 - 1945)

1900 -1945  Buachaillí, Dún Dúbhain

| Catagóir | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon daoine | 1 | 12 | 1 | 13 | 2 | 2 | 1 | 2 | 34 |
| Céadatáin | 3% | 35% | 3% | 38% | 6% | 6% | 3% | 6% | 100% |

## 1900 - 1945.

1900 - 1945   Buachaillí, Cluain tSaileach

| Catagóir | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon daoine | 3 | 20 | 4 | 19 | 3 | 1 | 0 | 2 | 52 |
| Céadatáin | 6% | 37% | 8% | 37% | 6% | 2% | 0% | 4% | 100% |

Má chuireann tú le chéile iomlán na mbuachaillí i nDún Dúbhain (34) agus iomlán na mbuachaillí i gCluain tSaileach (52) gheobhaidh tú líon na mbuachaillí a tháinig amach na scoile ón dá bhaile fearainn sin sa chéad 45 bliain den 20ú aois agus sin 86.

1900 - 1945   Cailíní, Dún Dúbhain

| Catagóir | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon daoine | 3 | 8 | 4 | 27 | 2 | 0 | 1 | 0 | 45 |
| Céadatáin | 7% | 18% | 9% | 60% | 4% | 0% | 2% | 0% | 100% |

1900 - 1945 Cailíní, Cluain tSaileach

| Catagóir | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon daoine | 5 | 9 | 2 | 30 | 5 | 1 | 0 | 0 | 52 |
| Céadatáin | 10% | 17% | 4% | 57% | 10% | 2% | 0% | 0% | 100% |

Má dhéanann tú an rud céanna leis na cailíní tchífidh tú go dtáinig 97 cailín amach 'na scoile don tréimhse céanna, sin 183 páiste ar fad.

Má scrúdaíonn tú na catagóir ar fad tchífidh tú gur catagóir 4 an catagóir a bhfuil an líon daoine is mó ann.  Seo an catagóir ina bhfuil na daoine a d'imigh agus a fuair bás ar shiúl.  Tá 89 ar fad sa chatagóir, seo rud a chiallaíonn go bhfuair 89 duine den 183 duine a thosaigh ar scoil ón dá bhaile fearainn sin, Cluain tSaileach agus Dún Dúbhain, bás ar shiúl.  Sin 54% acu.  Nach damánta an staitistic é sin agus nach náire an mhaise é do thír ar bith é.

Má chuireann tú le chéile na daoine uilig i gcatagóir a 3 áit a raibh daoine as baile níos mó na fiche bliain agus a tháinig 'na bhaile arís níl an figiúir sin ró-ard, 11 go díreach.

I gcatagóir a 5, na daoine a d'fhág Ros Goill ach a d'fhan in Éirinn ní raibh ann acu sin ach 12.

Ní raibh ach beirt a tháinig 'na bhaile lena dteaghlaigh a thógáil sa bhaile.

Má chuireann tú le chéile na daoine uilig i gcatagóir 1 agus 2 gheobhaidh tú líon na ndaoine a d'fhan sa bhaile, sin 61.

# (1946—1990)

# 1946 - 1990

Don dara 45 bliain den chéad dheireanach níor tháinig amach ‘na scoile ach 64 páiste i gcomparáid le 183 sa chéad chuid den 20ú aois.

1946 -1990 Buachaillí Dún Dúbhain

| Catagóir | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon daoine | 5 | 0 | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 | 2 | 11 |
| Céadatáin | 46% | 0% | 0% | 0% | 36% | 0% | 0% | 18% | 100% |

1946 - 90 Buachaillí Cluain tSaileach

| Catagóir | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon daoine | 7 | 0 | 2 | 0 | 5 | 0 | 0 | 7 | 21 |
| Céadatáin | 33% | 0% | 10% | 0% | 24% | 0% | 0% | 33% | 100% |

Bhí catagóir 2 ar fad folamh, rud a chiallaigh go raibh deireadh le hobair shéasúrach.

1946 -1990 Cailíní Dún Dúbhain

| Catagóir | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon daoine | 2 | 0 | 1 | 0 | 9 | 0 | 1 | 3 | 16 |
| Céadatáin | 13% | 0% | 6% | 0% | 56% | 0% | 6% | 19% | 100% |

1946 - 1990 Cailíní Cluain tSaileach

| Catagóir | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon daoine | 5 | 0 | 0 | 0 | 9 | 0 | 0 | 2 | 16 |
| Céadatáin | 31% | 0% | 0% | 0% | 56% | 0% | 0% | 13% | 100% |

Luaigh muid cheana féin go raibh an t-athrú ba mhó le feiceáil i gcatagóir 4, na daoine a d’imigh agus a fuair bás ar shiúl, níl duine ar bith sa chatagóir seo anois. Ach caithfear catagóir a 8 a chur san áireamh anseo mar go bhfuil daoine ar shiúl agus nach dtáinig ar ais, atá beo go fóill. Tá 14 acu seo ann.

Is i gcatagóir a 5 is mó a bhfuil daoine ann sna táblaí seo, na daoine a d’fhág Ros Goill ach a d’fhan in Éirinn. Tá 27 ar fad acu seo ann.

19 a d’fhan sa bhaile agus nach ndeachaigh bealach ar bith; bhí 3 a tháinig ar ais i ndiaidh thar fiche bliain a chaitheamh ar shiúl agus bhí teaghlach amháin a tháinig ‘na bhaile lena dteaghlach a thógáil sa bhaile.

Tá obair thar a bheith tábhachtach déanta anseo ag Bernie agus is cinnte, cé nach bhfuil i gceist ach dhá bhaile fearainn, go dtiocfaí an scéal céanna a insint faoi gach uile bhaile fearainn sa cheantar. D’fhéadfadh an scéal a bheith ní ba mheasa i gcuid de na bailte fearainn.

Is cinnte go raibh daonra breá folláin anseo ag tús an chéid dheireanaigh ach nach dtiocfaí a bheith ag brath ar acmhainn an cheantair le hiad a chothú agus ar an drochuair ní raibh d’fhaoiseamh acu ach imirce.

D’fhág seo againn na figiúirí i miontráchtas Bernie ach cha dtig dearmad a dhéanamh den bhriseadh croí, den chruatan agus den chumhaigh atá taobh thiar de na figiúirí sin. Scéal mór an cheantair.

# Iascaireacht sna Dúnaibh sular tógadh an chéidhe

***Tús an 18ú aois.***

Gheobhann muid léargas maith faoi mar a bhí staid na hiascaireachta sna Dúnaibh agus mar a bhí saol na ndaoine ag tús an 19ú haois ó thuairiscí na suirbhéireachta ordanáis.

De réir na faisnéise a bhí sa tuairisc seo ag dul ar ais go dtí na 1820idí dúradh go raibh na Dúnaibh ***aitheanta mar cheantar iascaireachta*** agus go raibh bádaí iascaireachta, coití (wherries) ar an gcuid is mó, as Albain, agus as Manx, agus bádaí éireannacha as Sceire (Skerries), Ros Eó, (Rush), Baile Brigín agus Beann Eadair ó Cho.Bhaile Átha Cliath agus leoga bádaí ó gach cearn ag tarraingt ar an cheantar go bliantúil le scoth na n-iasc a thabhairt leo agus a leasú. I dtaca le bádaí de, dúradh nach raibh a dhath fán cheantar seo ach seanbhád lobha a bhí caite suas ar an chladach. Dúradh fosta go raibh na hiascairí seo ag tabhairt an uile rud leo a bhí riachtanach dá séasúir iascaireachta, bádaí, eangacha, fir, salainn agus stórtha bia agus ar an dóigh seo nach bhfágann siad leathphingin sa cheantar ag bunadh na háite, daoine a bhfuil sé de mhí-ádh orthu a bheith cráite ag an bhochtaineacht agus ag an saol ocrach agus de thairbhe seo nach bhfuil ar a gcumas a dhul sa tóir ar an saibhreas atá sna farraigí thart orhtu. Ag an am a bhfuil muid ag trácht air bhain na hiascairí coimhthíocha seo úsáid ***as an Chladach Leathan*** atá tuairim is trí cheathrú míle as na Dúnaibh, i mbaile fearainn Ghorta Móra, lena gcuid iasc a thriomú sa tSamhradh agus ba ghnách leo fir a choinneáil ansin i mbothóga fóid le súil a choinneáil ar a gcuid iasc. Bhí curacha ag bunadh an cheantair agus ba ghnách leo a dhul amach



*An Cladach Leathan*

nuair a bhí an aimsir fóirsteanach, ag iascaireacht le haghaidh iasc geal le línte fada.

***Na 1830aidí.***

De réir tuairiscí na suirbhéireachta ordanáis 1835 bhí cúig bhád is daichead fá cheantar Ros Goill fán am seo le cois na gcurach. Tá a fhios againn cá leis a raibh na curacha cosúil, ní raibh mórán teaghlaigh nach raibh ceann acu, thart fán throigh dhéag ar fhad agus trí throigh ar leithead ach ní mórán eolais a thugtar faoi na cinéalacha bád eile a bhí ann ach go díreach go raibh siad beag agus nach raibh siad fóirsteánach do fharraigí garbha. Is dócha gur geáil nó 'Greencastle Yawls' mar a tugadh orthu a bhí iontu.

***Na Geáil (Yawls).***

***Ba seo bádaí beaga oscailte nach raibh mórán níos mó na sé troighe is fiche***. Baineadh úsáid mhór astu thart fá na costaí seo le haghaidh iascaireachta, bhí siad mór go leor le heangacha a thógáil agus dár ndóigh bhí cuid mhór iascaireachta ag an am le línte fada. Baineadh úsáid mhór as na bádaí seo fosta le feamainn, móin, eallach, earraí agus daoine a iompar, go háirithe go dtí na hoileáin. ***D'fhéadfaí seolta a chur suas nó ceithre fhear a bheith ag iomramh ar na rámhaí***.




Tugadh bádaí Drontheim orthu ach ba seo truailliú ar Trondheim mar gur ón phort seo ar chósta na Norbhuaidhe a tháinig na bádaí seo ar dtús. Baineadh úsáid mhór astu fosta le haghaidh iascaireachta ar chósta na hAlban. Bhí na geoltaí seo go mór in úsáid ar chósta Dhún na nGall go dtí gur thosaigh Bord na gCeantar Cúng ag ceannacht na mbád 'Zulu' nuair a thosaigh forbairt a theacht ar iascaireacht na scadán timpeall 1893.

**Geoltaí. (Yawls)**

An dá cheantar a ba mhó i Ros Goill d'iascaireacht ag an am sin ná na Dúnaibh agus Dumhaigh. Bhí cuid mhór fear sa phobal nach ndearna rud ar bith eile ach a dhul ag iascaireacht nuair a bhíodh an aimsir feiliúnach mar nach raibh talamh ar bith acu. Caithfear cuimhne go raibh os cionn 6,000 duine ina gcónaí sa pharóiste seo ag an am. Maidir le bunadh na háite de, iasc geal ar fad a bhítí a iascach fán am sin agus is línte fada a bhí in úsáid acu. Troisc, langaí, scataí, turbaird, glasáin, agus cadóga na cinéalacha iasc ba choitianta a chuirtí i dtír agus in amanna a mbeadh cur maith éisc leofa bheirfí an fuílleach go Leitir Ceanainn nó go Doire ar chapaill nó ar asail.

**Iascaireacht sna Dúnaibh 1846**

De réir cuntas a bhí sa Ballyshannon Herald fán bhliain 1846 dúradh go raibh suas le seacht gcoite ó Bheann Éadair agus ó Ros Eó ag iascaireacht amach as na Dúnaibh agus go raibh séasúr torthúil acu. An tseachtain a raibh an tuairisc seo ag trácht uirthi thug achan choite isteach ar an mheán 800 langa



*Langa*



*Cadóg*



*Scáta*



*Turbard*



*Trosc*

agus fosta go raibh líon na dtrosc iontach ard. Baineadh úsáid as sól agus turbaird mar bhaoite. Nach iontach ar fad é seo agus an luach atá ar shól agus thurbaird sa lá atá inniu ann! De réir cosúlachta ba challánach agus ba lúchaireach an radharc a bhíodh ann nuair a bhítí ag nigh, ag leasú agus ag sailleadh na n-iasc. Chuidíodh muintir na háite leo ina gcuid oibre agus ní bhfaigheadh siad mar luach saothair ach cloigne agus putógaí na n-iasc. Tá muid ag caint anois faoi am an ghorta agus de réir cosúlachta bhí muintir na háite breá sásta an chuid seo de na héisc a fháil mar gur choinnigh sé an t-ocras ó dhoras. De réir an chuntais seo fosta ní raibh sé ar chumas mhuintir na háite a dhul i mbun iascaireachta iad fhéin ceal airgid agus go raibh an saibhreas sna farraigí thart orthu a thabhairt ar shiúl ag daoine ó chontaethe eile.

Is cosúil go raibh na coití seo faoi chúram comhlachtaí iascaireachta agus rinne Lancey ina thuairisc suirbhéireachta na comhlachtaí seo a cháineadh mar nach raibh siad ag cur bádaí níos mó, le deiceanna orthu, ar fáil do na hiascairí mar dúirt sé nach nglacfadh sé mórán ama go mbeadh a gcuid airgid ar ais acu de thairbhe an tsaibhris éisc a bhí sna farraigí a bhí thart orainn.

Ba thart fán am seo ar an 8ú Feabhra 1848 a bádh ocht n-iascaire amuigh i mbáigh na nDúnaibh. Bhí tuairim is scór fear ar fad amuigh ag iascaireacht ar churacha nuair a tháinig scalóid orthu go tobann ón aird thuaidh agus thiontaigh an fharraige fabhtach. Cailleadh ochtar ar fad nuair a tiontaíodh ceithre churach ach d'éirigh leis an mhuintir eile a theacht i dtír. Ba ar an tubaiste farraige seo a bunaíodh an t-amhrán 'Deep Sheephaven Bay'.

Mar sin de tá sé iontach soiléir go raibh cuid mhór iasc a dtabhairt amach as na farraigí thart orainn ar feadh ceithre fichid bliain den 18ú aois ach gurbh iad na coimhthígh a ba mhó a bhí ag baint tairbhe as agus nár ghnothaigh an ceantar mórán as seo. Ní raibh an maoiniú ag bunadh an cheantair na báid, na heangacha ná an treallamh a bhí riachtanach a cheannacht. B'éigean dóibh a bheith sásta a dhul amach ina gcuid currach nuair a cheadaigh an aimsir é agus ní mórán iascaireachta ar bhun trádálaigh a d'fhéadfaí a dhéanamh amach as bád canbháis.

# Cúrsaí Garchabhrach

Tagann na seirbhísí deonacha, mar shampla Seirbhísí Cosanta Sibhialta agus Seirbhísí Otharchairr, uilig faoin bhord reachtúil amháin anois, P.H.E.C.C. – Pre-Hospital Emergency Care Council. Ciallaíonn seo go mbeidh an traenáil agus an measúnacht atá déanta fríd an tír ar chaighdeán amháin.

Tá dhá chúrsa a reáchtáil ag teagascóirí cosanta sibhialta sa chontae seo:

**Céad Fhreagairt Chairdiach** (Cardiac First Response): Maireann an cúrsa seo sé seachtaine agus seo thíos na rannóga atá clúdaithe ann:

a) Athbheochan charda scamhógach do dhaoine fásta, do pháistí agus do naíonáin, (CPR)
b) Úsáid uath-dhífhibrileoir seachtrach ar dhaoine fásta
c) Tachtadh i ndaoine comhfhiosacha nó neamh-chomhfhiosacha, daoine fásta, páistí nó naíonáin.
d) Cóireáil stróc agus
e) Impleachtaí dlíthiúla.

Ag deireadh an chúrsa seo téann na rannpháirtithe faoi scrúdú scríofa agus faoi mheasúnacht ar a gcuid scileanna agus bronnfar teastas ar na hiarrthóirí rathúla. Maireann an teastas seo dhá bhliain.

**Garchabhair ag an obair** (Occupational First Aid): Ní thagann an cúrsa seo faoi P.H.E.C.C., ach faoi rialú Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA). Maireann an cúrsa seo thart fá trí mhí agus clúdaíonn sé na cásanna garchabhracha uilig a thagann aníos go laethúil. Ina measc tá na hábhair seo thíos:

a) Príomhmheasúnacht agus measúnacht tánaisteach ar an othar.
b) Smacht fuilithe
c) Dó agus scalladh
d) Bindealáin, cóiriú agus guailleáin
e) Cnámha briste, croitheadh, gortú cinn, gortú cléibh
f) Leonadh, strus, gortú dromlaigh
g) Nimhiú, greamanna, cealga srl.

Téann na rannpháirtithe sa chúrsa seo faoi scrúdú scríofa agus scrúdú praiticiúil ag a dheireadh agus bronnfar teastas a mhaireann dhá bhliain agus cáiliúchán F.E.T.A.C. leibhéal 5 ar na hiarrthóirí rathúla.

Tá an dá cúrsa thuas a reáchtáil sa "Hay Hall" i gCarraig Airt achan Déardaoin ó 8.15 i.n. to dtí 10.15 i.n. Tá na cúrsaí oscailte d'achan duine os cionn sé bliana déag d'aois agus níl costas ar bith ar na ranganna. Beidh fáilte romhat.

# Logainmneacha Dhumhaigh

1 Abhann Rón na Sionnach
2 Ailt a' Leamháin
3 An Ballán
4 An Ballán Buí
5 An Bogach Dubh
6 An Dá Ard
7 An Eochar
8 An Rampar
9 Ard a' Stoirín
10 Ard na Bothóige
11 Ard na dTrioplóg
12 Bearna an Eallaigh
13 Barr a' Lane
14 Binn an Cnoic Mhóir
15 Binn an Pholl Dubh
16 Binn Cualach
17 Caiseal na bhFiann
18 Carra(ig) Ghoill
19 Carraig a' Choiscéim
20 Carraig Ard
21 Carraig na nIascairí
22 Carraigeacha Dubha
23 Cassaí na Leacacha
24 Cladach an Chiste
25 Cloch Mhór Bhriney
26 Cloch Mhór na mBachtaí
27 Clochar Daireach
28 Clóchar na Soitheach
29 Cnoc a' Toir
30 Cnoc an Iolaire


Scoilt Mhéabha



Loch an Chnoic Mhóir




31 Cnoc Maol
32 Cnoc Mór
33 Cnoc na Gaoithe
34 Cruach Bhriney
35 Cuibhrinn Néil
36 Dún Méabha
37 Fál an Fhéir
38 Faoi na Toir Mhóir
39 Garraí Mhicheáil
40 Garraí Mór
41 Garraí na hAscaille
42 Garraí na Lachan
43 Iomaire Mharric
44 Lag an Ime
45 Lag Bhinn na gCapall
46 Lag na nGallán
47 Léana Íochtarach
48 Léana Uachtarach
49 Léana(nn) na gCarraigeacha Liath
50 Loch an Chnoic Mhóir
51 Malaigh an Draighin Mhóir
52 Malaigh an Chaisil
53 Mídéan
54 Mullach a' Phunta
55 Murder Hole ag Pointe Dhumaigh
56 Na Carraigeacha Liatha
57 Na Carráin
58 Na Coirce Dearg
59 Na Corcanna
60 Na Cróchaí
61 Na Dábhachaí
62 Na Faochógaí
63 Na hAbanna
64 Na Mainnreacha
65 Na Talmhaí
66 Oileán na nUan
67 Páirc an Spiaire
68 Páirc Hughie
69 Poll a' Dártáin
70 Poll an Phíopa
71 Poll an tSagairt
72 Poll an Uain Bhig
73 Poll Beag
74 Poll Dubh
75 Poll Mór
76 Poll Mór Scoilt a' Dreoilín
77 Poll na gCat Fíara (Fíánta)
78 Poll na Sac
79 Poll na Scairtigh
80 Poll na Sceardóg
81 Rinn na bhFachlach
82 Scoilt a' Chóir
83 Scoilt an Duilisc
84 Scoilt Mhéabha
85 Scoilt na gCabhóg
86 Smalán
87 Tallamh Úr
88 Teach Beag Nedí Coyle
89 Trá Dhumhaigh


Rinnafaghla Point
Crockmore
DOAGH
Ballynamoe
Rinnafaghla

# Coirnéal Thuathail

Nach mór a chuireann an t-am isteach orainn i rith ár saol. Tosaíonn sé mar seo: Cén t-am ar rugadh é? Cén t-am a dtéann sé a luí agus cén t-am a n-éiríonn sé? Caidé an t-am a bhfuil an baisteadh ann? Cén t-am ar ghlac sé a chéad choiscéim? Cén t-am a bhfuil sé ag dul na scoile agus cén t-am a bheas sé ag teacht abhaile? Cén t-am a bhfaighidh sé a Chéad Chomaoineach agus téann seo ar aghaidh go dtí an chéad lá a théann sé ag obair don Stát? Ansin tosaíonn sé ag obair ar cheathrú i ndiaidh a naoi agus am dinnéir ann go dtí ceathrú i ndiaidh a dó. Stopann sé ag leath i ndiaidh a cúig agus bíonn sé sa bhaile ag a sé fá choinne na nuachta. Téann sé a luí ag a haon déag agus éiríonn sé ag a hocht le dul ar ais ag a chuid oibre.

Tá suas le daichead bliain de seo le déanamh aige sula dtig leis a dhul amach ar phinsean. Sna cúig nó sé bliana deireanacha dá chuid seirbhíse tá sé ag éirí an-tuirseach ag amharc ar an chlog agus ag guí achan oíche le fáil réitithe den chlog seo. Ansin tá sé ag dul amach ar phinsean agus tá cóisir mhór ag a chairde dó. Tá siad uilig ag caint faoin fhear dheas atá ann, fear atá an-mhaith agus i gcónaí in am ag dul áit ar bith. Anois, tá bronntanas faoi chlúdach acu dó. Tarraingíonn siad an clúdach de agus an gcreidfeá caidé atá ann ach cnapán de chlog urláir (grandfather clock). Buaileann sé buille ar an uair agus ar an leath uair agus tá seo ag dul ar aghaidh lá agus oíche. Ní amháin sin ach ag an mheán oíche, nuair atá an fear ag titim iaa chodladh, buaileann sé dhá uair déag. Sin é, ar eagla na h-eagla go ndéanfadh sé dearmad den am. Chomh maith leis sin tá aghaidh mhór ar an chlog seo ar eagla nach mbeadh sé ábalta é a fheiceáil mar is cóir.



Ansin tagann scéala amach go bhfuil an fear bocht gairid san anáil agus mar a deir siad, dearg san aghaidh, agus is dóiche go bhfuil an croí ag dul dó. Isteach go dtí an ospidéal leis. Croitheann an dochtúir a cheann agus amharcann sé suas sna flaitheas. Deir an dochtúir leis fhéin, "D'fhág an boc seo é mall ag teacht chugamsa ach is dóiche gurbh fhearr domh seach-chonair (bypass) a dhéanamh air fada nó gairid a mhaireann sé. Toil Dé go raibh déanta ach tagann drochscéal abhaile ón ospidéal go bhfuair sé bás ar an tábla. Cuireann seo iontas agus brón ar a chomharsana ach an rud is mó atá ag cur isteach orthu ná, "Cén t-am a bhfuil siad ag tabhairt a choirp abhaile? Cén t-am a bhfuil an paidrín ann agus cén t-am a bhfuil siad a chur?" Nach mór a chuireann an t-am isteach orainn ó thús go deireadh ár saol!

Ansin deir siad go bhfuil sé seo ná siúd ag seasamh an ama amach go maith. Mar a dúirt mo chara Peter liom lá amháin a chas sé orm ag teach a' phobail "Nach maith an mhaise duit agus tú i do rith thart gan bataí le cuidiú leat nó gléas éisteachta ag crochadh amach as do chuid cluas go fóill". Gabh mó leithscéal ach chonaic mé mo chara ag an Aifreann bliain nó dhó ó shin agus bata draighin leis fhéin. Déarfainn b'fhéidir go raibh aicíd bhacach na gcearc air ach buíochas le Dia tchím é ina rith thart arís agus é go breasantach.

**Clann a' Bhacain as Doire a' Chasáin.**

Bhí an dream seo in ainm a bheith breá géar ina gcuid freagraí. Bhí beirt dheartháireacha sa teach seo am amháin agus an gcreidfeá gur John an t-ainm a bhí ar fhear acu agus Seán a bhí ar an fhear eile. Chaith John seal dá shaol i Meiriceá. De réir an scéil a hinsíodh domhsa bhí sé istigh i mbialann lá amháin agus thit sé amach leis an úinéir. Chuir an t-úinéir é amach agus dúirt John leis go bhfaigheadh sé gunna agus go mbeadh sé ar ais lena chloigeann a scaoileadh de. Cheannaigh sé gunna ach is dóiche go raibh fear an tsiopa amhrasach fá dtaobh de agus "blanks" go huile a thug sé do John. Ar ais go dtí an bhialann leis agus scaoil sé urchar nó beirt ach ní raibh maitheas ar bith iontu. Tré-an toite! Thit an tóin amach as ansin nuair a bheir na péas air agus rinneadh é a deportáil ar ais go Doire a' Chasáin. Tamall ina dhiaidh sin bhí meitheal ag tabhairt móna abhaile do Shearlaí Phaidí Mhadgie agus bhí Dinis s'againne ar an mheitheal. Ar an lód deireanach chuaigh siad siar go Óstán Walsh le deoch a fháil agus cé a bhí ina shuí thuas ar stól ard ach Den a' Bhacáin, deartháir de John a bhí i Meiriceá. Chuaigh Searlaí Phaidí Mhadgie i gceann comhrá le Den agus chuir sé ceist air faoi caidé mar a bhí John ag fáil ar aghaidh ó tháinig sé as Meiriceá. "Le bheith fírinneach leat a Shearlaí" a dúirt Den, "cha dtabharfainn pingin duit ar lasta soithigh de na Yankies sin". Nach é a bhí maslach agus é ag caint fá na Yankies.

Chas Séamas Ó hEarcáin as faoin Chraoslach orm lá amháin agus bhí sé ag insint scéil domh faoin am a bhí sé ag dul thart ag díol árachais blianta fada ó shin. Bhí sé thíos i dteach a' Bhacáin agus nuair a bhí sé réidh le himeacht d'iarr Den air suí tamall eile mar go raibh cearc aige sa ghríosach faoin tine. Thart fá fiche bomaite nó mar sin ina dhiaidh sin, scríob sé amach an tine agus sa ghríosach bhí cnapán lab agus é dearg leis an teas. Bhris sé suas an lab agus an gcreidfeá go raibh an chearc rósta agus na cleiteacha uirthi go fóill. Thóg sé amach ar scála í agus bhain sé an craiceann agus na cleiteacha dí. Thug sé steall den chearc do Shéamas agus de réir Shéamais ba í an chearc ba dheise agus ba bhlasta a d'ith sé ina shaol. Tchíonn tú sna scannáin ó am go h-am na buachaillí bó ag róstadh éanlaithe. Bhuel is dóiche go raibh giota maith de na buachaillí bó sa dream seo sula raibh iomrá ar bith ar na scannáin sin sa cheantar seo.

*Proinsí Mac Giolla Bhríde.*

# Seal i Meiricéa Theas i 1997




Nuair a bhí mise ar an ollscoil rinne mé Tír Eólaíocht mar abhár céime. Ceann de na ceantair is mó a chur mé suim ann ná Meiricéa Theas. Bhí an stair agus an pholaitíocht suimiúil ach casta agus conspóideach, ó am na ndaoine dúchasacha go dtí teacht na Spáinnigh, go dtí an bhochtaineacht agus an mhí-chothramaíocht a bhí ann nuair a thug mise cuairt air. Bhí cineál de mí-chliú ar an mhór-roinn fosta mar gheall ar na cogaí a bhí ag tarlú, agus méid agus neart na n-eagraíochtaí para-mileatacha a bhí ag troid i roinnt de na tíortha ann.

I ndiadh mo chéime a bhaint amach, d'obair mé ar feadh naoi mí chun an t-airgead a chur le chéile le díol as an turas. Rinne mé iarracht giota beag Spáinnise a fhoghlaim, agus i mí Aibréan 1997, bhí mé reidh le himeacht ar feadh trí mhí. Ar a laghad, shíl mé go raibh mé reidh! Rachainn do dtí Peiriú ar dtús, ceartlár seanimpireacht na nInca agus cliú agus cáil air mar gheall ar méid agus áilleacht na n-iarsmaí seandálaíochta a bhí sa tír.

D'imigh mé ar an eitléan ó Bhaile Átha Cliath go luath ar maidin ag deireadh mí Aibréan, go hAmsterdam, ó Amsterdam go Arúba, agus as sin go Lima, príomhchathair Peiriú. Nuair a bhí an t-eitléan ag teacht isteach go Perú, thosaigh an t-amhras agus an t-imní. Bhí mé ag fiafraigh díom féin – caidé a bhí mé ag déanamh anseo, liom féin, ar bheagán Spáinnise, agus gan tuairim ar bith agam fan chathair seo a raibh mé ag teacht isteach chuici, agus an oiread sin daoine i ndiadh na scéalta aiféiseacha agus uafásacha a insint domh faoi Mheiricéa Theas sular imigh mé. Ach choinningh mé mo chiall agus mo cheann, agus i ndiadh teacht amach as an aerphort domh shocraigh mé tacsaí a fháil isteach go dtí an bhaile mhór.

**Lima**

Fuair mé lóistín furasta go leor an oíche sin, ach cha raibh mórán suaimhnis agam. Bhí Peiriú i ndiadh an bua a fháil ar an Choloím an oíche sin i gcluiche cáilithe don Chorn Domhanda sa sacair, agus bhí achan duine sa chathar ar mire, nó ba é sin a rud a shíl mise. Ach shocraigh mé sa deireadh agus thit mé i mo chodhladh.

Cosúil le cuid mhaith de chósta Peiriú, tá Lima suite san fhásach nó sa ghaineamhlach, agus is cathair thirim the atá inti gan mórán faoisimh le fáil ón aimsir sin. Chaith mé roinnt laethanta i Lima, áit a bhfuil lear iarsmalann. Ba é an áit ab fhearr liom ann ná Iarsmalann Seandálaíochta agus Antraipeolaíochta. Bhí dúil mhór agam san Iarsmalann Óir fosta. Bhí cuid mhór déantúsán (artefacts) suimiúla sa dá iarsmalann a bhain le stair agus cultúr na tíre. Ceann de na cinn ba shuimiúla ná blaosc fir ina bhfuil diamaint ann in áit na bhfiacla!

As Lima d'imigh mé go dtí cathair eile ar an chósta darbh ainm Písco. Thug mé cuairt ar na hÓileáin Ballestas ó Pisco. Ta saol saibhir ainmhithe ar na hoileáin seo, go háirithe na rónta, éanacha, agus na piongainí. Bhí neart acu ann nuair a thug mise cuairt ann, ach achan chúpla bliain nuair a thagann El Niño, déantar scrios ar dhaonra na n-ainmhithe, mar nach mbíonn bia ar bith san fharraige dóibh.


*Ballestas*

## Ayacucho

Ó Pisco chuaigh mé go Ayacucho. Bhí sé cosúil le gabháil isteach i ndomhan agus i saol eile ar fad. Tá Ayacucho sna sléíbhte, 2800m os cionn na farraige. Is í Quechua an phríomh-theanga sa chathair fosta, níl morán Spáinnise agus níl Béarla ar bith le fáil ann. Is áit aisteach í Ayacucho. Fiú ainm na cathrach, ciallaíonn sé "áit na marbh". Tá 33 theach phobail ann, níos mó ná baile ar bith eile sa tír. Is áit chailiúil í le haghaidh comóradh na bhféilte eaglaise. Ach tá mí-chlú ar Ayacucho mar atá ar Chrois Mhic Ghlionáin in Éirinn. Is áit breithe an Sendero Luminoso í. Ó 1980 ar aghaidh, cha raibh smacht ar bith ag airm na tíre ar Ayacucho nó ar an cheantar thart timpeall uirthi. Tugadh comhairle domh i Lima agus i bPisco gan dul go Ayacucho i m'aonar. Ach d'imigh mé. Ar mo bhealach isteach go dtí an cheantar, bhí seicphointe ann agus rinne an t-airm cuntas ar achan duine a bhí ag dul isteach. D'amharc siad ar phas achan duine againn. Caithfidh achan duine síneadh isteach agus síneadh amach as na ceantair seo. Ach lig siad domh agus bhí mé ar mo bhealach. Bhí mé ag stopadh i dteach lóistín cóngarach don ollscoil ina mbíodh Abimael Gúzman ag teagasc, iar-cheannaire na Senderistas.

Chaith mé trí lá anseo, ag tabhairt cuairt ar na balloga seandálaíochta sa cheantar, ina measc Pikimachay, uaimh ina raibh daoine ina gconaí thart fá 20,000 bliain ó shin. An lá céanna chas bean orm a raibh áit lóistín aici, ach níor labhair sí Spáinnis ar bith. Thug sí ar a mac, a bhí amuigh ag tréadaíocht na lámaí, agus a bhí thart fá ocht mbliana d'aois, aistriú a dhéanamh ó Quechua go Spáinnis go bhfeicfeadh sí an raibh áit de dhíth orm, ach bhí áit agam cheana féin in Ayacucho agus lean mé orm.




Ó Ayacucho, chuaigh mé go Cusco, turas bus a ghlac chóir a bheith 24 uair! Chuaigh an bealach seo trasna an altiplano (an puna i Quechua), os cionn 4000m ar airde agus ansin tríd Andahuaylas. Seo ceann de na bealaigh is contúirtí a raibh mé air riamh, agus titim de 1,000m nó níos mó ar thaobh amháin de. Ar an turas seo bhí girseach ag iarraidh Quechua a theagasc domh, ach bhí tinneas cinn ormsa mar gheall ar an airde agus ní raibh mórán suime agam ina hiarrachtaí.

## Cusco

Bhíodh Cusco ina phríomhchathair ag na hIncigh. Fiú anois is baile mór é. Bíonn lear turasóirí ann i rith na bliana, ach go háirithe i rith an tséasúir thirim ó Bhealtaine go Deireadh Fómhair. Is cathair shuimiúil í fosta. Tá an seanchathair leagtha amach ar phlean Puma, agus an chearnóg i lár an bhaile mar chroí an púma. Is ceann d'ainmhithe beannaithe na nInceach é an púma. Is é ceann an púma ná Sacsayhuaman ó thuaidh ón chathair, agus ballaí Sacsayhuaman mar fhiacla an



*Ballaí Sacsayhuaman*

púma. Bhíodh teampall san áit a raibh inchinn an chait mhóir. Tá caighéan togála na ballaí i gCusco do-chreidte.





*Machu Picchu*

**Machu Picchu**

Cé gur áit ghalánta Cusco, bhí níos mó suime agam Bealach na n-Inceach a shiúl go dtí Machu Picchu. Maireann seo ceithre lá. An chuid is airde den bhealach tá sé ceithre huaire comh hard le Corrán Tuathail, an sliabh is airde in Éireann. Tá Machu Picchu féin thart fá dhá uair chomh hard le Corrán Tuathail. Bhí mé ag siúl le beirt eile gurb ón Ghearmáin dóibh. Ar an lá deireanach d'éirigh muid ar a ceathar a chlog ar maidin, le go mbainfeadh muid Inti Punku (Geafta na Gréine) amach le breacadh an lae. Deirtear gurb é seo ceann de na radharcanna is fearr ar domhan, ag amharc ar an ghrian ag teacht aníos os cionn bhallógaí Machu Picchu. Ach i ndiadh ceithre lá ag siúl agus a bheith inár suí chomh luath sin ar maidin, bhí na scamaill chomh híseal agus an fhearthainn chomh holc sin nach raibh mé ábalta a dhath a fheiceáil . . . bhí sé díreach cosúil le bheith sa bhaile in Éirinn! Chaith mé cúpla uair ansin ag feitheamh leis an ghrian agus mé ar maos. Cha dtáinig sí . Chuaigh mé síos go dtí baile beag sa ghleann thíos faoi Machu Picchu agus chaith mé an oíche ansin. Tháinig mé aníos arís an chéad lá eile agus bhí an spéir gorm agus an ghrian ag taitneamh. Caitfidh gurb í ceann de na háiteacha is deise ar domhain í Machu Picchu. Áit mhaorga in ómos do dhaoine cliste, críónna agus eolach.

Tugtar an Gleann Naofa ar an ghleann atá ag síneadh amach ó Cusco i dtreo Machu Picchu. Seo toisc go bhfuil an méid sin láithreacha seandálaíochta sa cheantar, ceann de na háiteacha is saibhre ar domhan ó thaobh áiteacha den chinéal seo. Thiocfadh leat cúpla mí a chaitheamh sa ghleann seo dá mbeadh fonn ort sin a dhéanamh agus an t-am agat lena dhéanamh .

Ó Cusco chuaigh mé ar aghaidh ansin go cathair Puno ar chladach Lago Titicaca. Rinne mé an turas seo ar thraein, agus ar an bhealach amach as Cusco, chuala muid tormán. Stop an traein go tobann agus nuair a d'amharc muid amach an fhuinneog, chonaic muid go raibh an carráiste deireannach scartha ón traein! Bhí moill ann ar feadh tamaill, go dtí go raibh siad ábalta an carráiste a cheangailt don traein arís, agus ansin ar shiúl linn, ar ár mbealach go Puno . . .

**Puno – Lago Titicaca**

Tá Lago Titicaca suite 3812m os cionn na farraige. Seo an loch is airde inseolta ar domhan. Ar an loch seo tá na hÓileáin Uros le fáil. Seo oiléáin atá déanta as giolcaigh (reeds) atá ar snámh ar uisce



an Locha. Tá sé aisteach na daoine a fheiceáil ag maireachtáil ar na hoiléáin seo, ainmhithe agus achan rud amuigh leofa.


Amach liom thar an teorainn ansin go dtí an Bholaibh (Bolivia). Ach scríobhfaidh mé faoin mhí a chaith mé ansin am inteacht eile . . .

*Beidh tuilleadh faoi mo thuras go Meiricéa Theas sa chéad eagrán eile.*


*Cormac Goulding*



*Ná déan sú ar an ghiorria go mbeidh sé sa phota agat.*



*Séú duine ó dheis i lár an phictiúir – Paidí Mhicí Rua*



Gliob
Na Dunaibh
16adh Márta '34.

A Athair a Chroidhe.

Seo cupla focal le innse duit go dtainic mé na bhfaile arais. Tá mo mhathair agus mo mhathair mhór níos fearr. Bhí Donnchadh sa baile indiu. Bhí muid ag feiceadh leat inde ach bhí an aimsir olc. Tá an t-aifrionn crionaigh sa scoil anois.

Seo a bhfuil agam le h-innse duit anois. Tá súil agam go mbéidh teiseal orta uilig do t-fladan nuair a thiocfaidh tú arais.

Is mise le meas
do ingean
Máire



*Máire Ní Bhuaidh*

Seo cóip de litir a scríobh Máire Ní Bhuaidh chuig a hathair, Paidí Mhicí Rua nuair a bhí sé ag obair leis an Chomhairle Chontae. Bhí beagán litreacha scríofa i nGaeilge ag an am.

Bliain i ndiaidh di an litir seo a scríobh fuair Máire bás, ar 2 Iúil, 1935, agus gan í ach sé bliana déag d'aois.

# Feadaímó

Bhí an táin lena raibh Feadaímó fostaithe faoi ionsaí ag gadaithe. Bhí an grásaeir, Domhnall Ó Dála ar an chairt le Feadaímó. Bhí seisear tiománaí leis an táin, beirt acu sin, Seán agus Tuathal, ar chapaill.
Bhí Colm, an tiománaí ar an ardán ar chlé ag déanamh a dhícheall seasacht in éadan na ngadaithe ach bhí rudaí ag teacht teann air. Chaith Feadaímó uaidh an seál a bhí sé ag caitheamh lena fhéin a choinneáil i bhfolach, chuir sé cloch óna phóca isteach ina thabhall, fuair sé greim ar a bhata draighean agus léim sé den chairt. Rith sé féin agus Domhnall i dtreo na troda. Lean Paidí agus Éamonn, beirt eile de na tiománaithe iad ach d'fhan Séamaí, an tiománaí ar an ardán ar dheis san áit ina raibh sé ar eagla go dtagadh ionsaí eile ón treo sin. Chonaic Feadaímó an tiománaí, Tuathal, ar an taobh eile den ghleann agus cé go raibh capall aige bhí sí greamaithe istigh idir an abhann agus an táin agus cha raibh dóigh ar bith a bhfaigheadh sé a fhad le Colm in am. D'amharc sé thart go tapaigh ach cha dtiocfadh leis Seán a fheiceáil. "Tá Colm san fhaopach, a Fheadaímó," scairt Domhnall, agus é ag iarraidh a anáil a fháil. "Caithfidh go bhfuil ochtar acu thuas ansin" "Ochtar ar a laghad," arsa Feadaímó, "bhí luíochán réidh acu ar mhullach an ardáin." Is iad na capaill an t-aon dóchas atá aige" arsa Éamonn, fear mór trom a bhí ag déanamh a dhícheall coinneáil suas le Feadaímó, "mar níl dóigh ar bith a mbeidh sé ábalta é féin a chosaint go bhfaighidh muidinne a fhad leis." Chuir Feadaímó achan unsa nirt ina chorp isteach sa rása agus d'fhág sé na boic eile ina dhiaidh. Bhí cosán an ardáin measartha cothrom agus bhí sé ag tarraingt go tapaigh ar an mhelée.
Chuala sé scread agus chonaic sé Colm ag titim agus scaifte thart air, ach sula dtáinig Feadaímó a fhad leis bhris Seán isteach eatarthu ar a chapall. Bhí gach cosúlacht ann go raibh na gadaithe ag súil leis an chapall mar lig fear mór rua scread as féin agus léim siad uilig ar cúl ag an bhomaite dheireanach agus char bhuail an capall duine ar bith acu.
Ceannaire na ngadaithe a bhí san fhear rua agus lig sé scread mór amháin amach as agus rinne siad uilig ionsaí ar an chapall.
Bhuail fear acu srón an chapaill le casúr adhmaid ach in áit titim chuir an capall a dhá chos tosaigh in airde agus leag sé an fear. Bhí Seán ag súisteáil go cróga ar achan thaobh lena bhata agus bhí fear amháin leagtha aige, ach chan fhaca sé an fear rua ar a chúl agus é réidh le gabhlóg a chuir isteach faoina easnacha ann.
Char chur Feadaímó cosc de shórt ar bith ina rása ach luasc sé an tabhall cúpla uair thar a chloigeann agus theilg sé an chloch. Phléasc an fola ó bhéal an fhir rua sular thit se ina chnapán ar mhullach a ghabhlóige. Chuir seo iontas go bráth ar na gadaithe eile agus thiontaigh siad thart ag cuardach foinse an ionsaithe seo. Chonaic siad an fathach ag tarraingt orthu agus triúr fear láidir sna sála air. Cha raibh rudaí ag obair amach dóibh mar ba chóir ar chor ar bith agus, gan a gceannaire ansin le treoir a thabhairt dóibh, bhí siad uilig tríd a chéile. Lig Feadaímó scread as agus léim sé isteach sa mhullach orthu. Tháinig Seán isteach ar a gcúl leis an chapall agus ansin bhí Domhnall agus an bheirt eile istigh i lár an ghreadáin. Thosaigh an troid. Radharc iontach a bhí ann Feadaímó a fheiceáil agus an fhuil tógtha ann. Cha raibh fear ar bith sna trí paróistí a sheasfadh ina éadan agus b'amhlaidh a bhí sé anseo.
Bhí sé amuigh chun tosaigh agus a bhata ag dul mar a bheadh roth muilinn ann ag briseadh cnámha agus ag scoilteadh cloigne. Bhí na tiománaithe eile ag súisteáil chomh díograiseach lena mbataí féin agus cé gur na gadaithe a chur an luíochán i bhfeidhm, bhí sé i ndiaidh tiontú orthu mar a bheadh portán mór i gcurach nach raibh a chrúb gearrtha i gceart. Anois, b'iomaí cath a troideadh in Éirinn roimhe seo agus ó shin, ach, char troideadh mórán acu ina raibh an oiread sin nimhe ina gcroíthe ag taobh amháin don taobh eile mar a bhí ag na tiománaithe do na gadaithe. Má bhí trócaire de shórt ar bith ina gcroíthe char thaispeáin siad í an uair seo. Má thit gadaí ar an talamh le buille d'fhan sé ar an talamh.
Bhí a fhios ag na gadaithe go raibh an lá caillte agus iad sin a bhí ábalta, rinne siad iarracht briseadh ar shiúl ón ghreasáil. Ar an droch uair dóibh bhí Tuathal ar an ardán faoin am seo agus b'fhurasta dó fhéin is dó Sheán iad a leagan leis na capaill. Bhí an cath thart. Gadaí ar bith a raibh bata nó gabhlóg ina lámh aige chaith sé uaidh é agus chuaigh sé síos ar a ghlúine ag guí ar shon trócaire, rud a bhí gann ar an ardán an lá sin. Tarraingíodh an t-ochtar acu isteach i gciorcal agus cheangal Domhnall lámha s'acu le rópa. Chuidigh Paidí agus Éamonn le Colm.
Bhí a chloigeann scoilte agus bhí sé doiligh a aghaidh a fheiceáil bhí an méid sin fola ag sileadh óna chloigeann. Stróic Éamonn píosa de léine Choilm agus chuir sé é ar an ghoin. "Lorda," arsa Éamonn, "fuair tú léasadh ceart, a chara." Rinne Colm iarracht éirigh. "Fan i do shuí," arsa Paidí go himníoch. Níl a fhios againn cad é'n dochair atá déanta duit go fóill." "Tá mé ceart go leor," arsa Colm, seo, cuidigh liom seasamh." Bhí sé rud beag meadhránach is é ar a chosa ach de réir a chéile tháinig sé aige féin. Chuaigh sé anonn chuig an áit a raibh na gadaithe, cuid acu ina suí agus beirt acu ina luí ar an talamh. "Cá bhfuil an bastard sin Condí Rua" a dúirt sé. Cha raibh focal as an bhaicle ach chuaigh Domhnall síos ar a ghlúine agus thóg sé cloigeann an fhir rua. "Tá Condí bocht ina chodladh," arsa Domhnall go searbhasach, "níl a fhios agam ar chóir dúinn blaincéad a chur air, char mhaith liom go bhfaigheadh sé slaghdán nó rud ar bith." "Is cuma sa diabhal liom fá cad é'n mí-ádh a thagann ar an bhoc sin", arsa Cholm, agus é ag siúl thart ar na gadaithe." Bhí iontas an domhain air. "Cad é'n dóigh faoi Dhia a raibh sibh ábalta an bua a fháil orthu mar seo?" Sheas Domhnall. "Sin an dóigh," a dúirt sé agus a mhéar dírithe ar Fheadaímó. "Chan fhaca mé a leithéid de rud ariamh is an dóigh a rinne sé smidiríní d'fhiacla Choindí rua. Agus rud eile." Stad sé ag caint agus shiúl sé anonn chuig Seán. "A Sheáin, scairt sé. Bhí Seán ag amharc síos ar an táin i rith an ama agus thiontaigh sé. Bheir Domhnall ar shrianta a chapaill. Ba chóir duit buíochas a ghabháil le Feadaímó, a Sheáin. Ab é eisean bheadh muid ag tarraingt gabhlóg Choindí Rua amach as d'ae." D'amharc Seán anonn ar Fheadaímó. "Go raibh maith agat, a chara, tá me faoi do choimirce, is

beidh go deo. Thóg Feadaímó a lámh, "déan dearmaid de, tá muid uilig sa bhád amháin anseo." "Bhail," arsa Seán, "cha ndéanfaidh mise dearmaid mar----" Stad sé mar chuala siad scairt uafásach ó Shéamaí. D'amharc siad uilig soir ar an ardán eile. Bhí an dorchadas ag druidim isteach ach bhí siad ábalta scáth Shéamaí a dhéanamh amach ag déanamh geáitsí lena lámha agus é ag damhsa mar a bheadh fear mire ann ag iarraidh á n-aird a tharraingt ar an táin. Is Seán a chonaic ar dtús iad. "Amharc, tá gadaithe ar chúl na tána" Lig Domhnall racht mionnaí móra as

agus é ag déanamh iarracht iad a fheiceáil. "Níl mo radharcsa chomh maith is a bhí, a dúirt sé, "chan fheicimse a dhath."

Bhí Feadaímó ina sheasamh ag a thaobh faoin am seo. "Tá siad ann, a dúirt sé, cúigear acu agus tá suas le scór de na ba gearrtha amach acu. Níl siad ag cur am ar bith amú ach oiread" D'amharc sé ar Sheáin. "An iompródh an capall sin beirt?" "Dá mbeadh spás go leor ar a dhroim d'iompródh sé muid uilig, a chailleach," arsa Seán. "Goitse mar sin" arsa Feadaímó agus léim sé suas ar dhroim an chapaill ar chúl Sheáin. D'imigh siad le rása. D'amharc Domhnall thart ar na tiománaithe eile.

"A Thuathail, tabhair thusa Éamonn leat agus cuidigh leo." Shiúl sé anonn chuig na gadaithe. "A Phaidí cuideoidh tusa is Colm liomsa, cúram is aire a thabhairt do na créatúir seo." "Déanfaidh cinnte" arsa Paidí. "Ó, gheobhaidh siad cúram ceart uaimse ceart go leor," arsa Colm, agus chnag sé fear a bhí ag déanamh iarracht éirigh. Thit an fear ar cúl ar mhullach an fhir rua nach raibh bogadh nó focal as go fóill.

Is marcach den scoth a bhí i Seán agus chuaigh siad síos mallaigh an ardáin ar chosa in airde agus cha raibh siad i bhfad ag teacht a fhad leis na gadaithe. Bhí sé soiléir go raibh taithí ag an chapall ar an chineál seo oibre mar rith sé díreach i dtreo an fhir dheiridh agus leag sé é. Lig an gadaí scread phianmhar as agus thiontaigh na boic eile. Bhí iontas orthu mar cha raibh siad ag dréim le tiománaithe ar bith a bheith a leanstan. Léim Feadaímó den chapall agus tháinig sé anuas ar mhullach a chinn lena bhata draighean ar dhuine acu. Is fir óga gan mórán taithí a bhí sna gadaithe seo mar bhí na trodaithe ab fhearr le Condaí Rua ar an ardán agus i ndiaidh an chéad ionsaí, agus beirt acu ar an talamh, cha raibh a fhios ag an triúr eile cad é le déanamh. Cha raibh croí ar bith acu d'achrann mar seo agus rith siad ar chlé i dtreo coill dharaigh le taobh na habhann. Chuaigh Tuathal agus Éamonn sa tóir orthu. Tharraing siad suas leo díreach sula bhfuair siad a fhad leis an choill. Léim Éamonn anuas ar mhullach duine acu le plapa agus chaill an gadaí bocht achan unsa anála a bhí ina chorp. Chuir Tuathal an capall idir gadaí eile is an choill agus thóg sé a bhata. Fear óg a bhí ann agus uchtach ar bith a bhí aige bhí sé caillte fán am seo agus chuaigh sé síos ar a ghlúine lena dhá lámh in airde is é ag screadach agus ag impí trócaire. Tháinig Éamonn aníos a fhad leo leis an ghadaí eile ar a ghualainn agus chnag sé an fear óg eile lena bhata draighean, rud a chur deireadh leis an screadach. D'amharc Tuathal thart ag cuardach an tríú fear ach cha raibh sé le feiceáil. "An gcoinneofá súil ar an bheirt seo, a Éamonn," a dúirt sé, "caithfidh mé dul sa toir ar an bhoc eile." "Dhéanfaidh cinnte," arsa Éamonn, "ach cha bheinn ródhóchasach go bhfaighidh tú é istigh sa choill." "Cha bhíonn Domhnall róshásta má fhaigheann duine acu ar shiúl anois, arsa Tuathal, agus d'imigh sé le rása. Bhí an dorchadas tite go hiomlán fán am seo agus chuala Éamonn scairt ó Sheán. "Hó, a Thuathal, cá bhfuil tú?" "Tá Tuathal ar shiúl isteach sa choill" scairt Éamonn leis. "Tá beirt ghadaí agamsa anseo, an bhfuil rópa ar bith leatsa, a Sheáin?" "Coinnigh den chaint go dtí go bhfaighidh mé a fhad leat," arsa Seán. Thosaigh Éamonn ag feadaíl agus sula bhfad shiúl Seán agus Feadaímó isteach agus greim muineáil ag Feadaímó ar ghadaí. Chaith Feadaímó an gadaí síos in aice na beirte eile. Thug Seán píosa de rópa do Éamonn. "Níl a fhios agam ar chóir domh cuidiú a thabhairt do Thuathal?" a dúirt sé. D'amharc Éamonn i dtreo na coille. "Cuir amú ama a bheadh ann," arsa Éamonn agus é ag ceangal lámha na ngadaithe ar a gcúil. "Chan buntáiste ar bith na capaill istigh sa choill agus cibé fá bheith istigh i rith an lae níl seans dá laghad dul a bheith agat san oíche. Ghlacfá madadh a bheith leat leis an ghadaí sin a ruaigeadh amach." Léim Seán anuas ón chapall. "Is dóiche go bhfuil an ceart agat," a dúirt sé, ach caithfimid na ba sin a bhailiú isteach leis an chuid eile den táin cibé. "Chead a diabhal acu," arsa Éamonn, "tiocfaidh siad isteach iad féin agus muna dtagann, chan rófhada ar shiúl a bheas siad le chéad solas. Char mhaith liomsa a bheith ag trampáil thart amuigh ansin ag an am seo den oíche. Dóigh bhreá le do chos a bhriseadh." Chríochnaigh sé an ceangal ar an tríú gadaí. "Tá tine lasta ag Domhnall ar an ardán," arsa Seán, "bhéarfaidh sin treoir dúinn."

"Tá sé go réidh agaibh toiseacht," arsa Éamonn. Lig don chapall an bealach a thaispeáint daoibh agus fanfaidh mise anseo ar Thuathal." Thóg Feadaímó an rópa ó Éamonn agus tharraing sé na gadaithe ina seasamh.

"Bogaigí libh a ghasúirí nó ligfidh mé don chapall sibh a tharraing ina dhiaidh.

**Beidh an chuid eile den scéal sa chéad eagrán eile.**

# Lá an Fhómhair i gCoill Daireach, An Craoslach 2009



Maire & John Ó Laifeartaigh - tae sa chuibhreann



Ag bualadh an arbhair



Seo thuas an chairt a thóg Peadar Ó Sibhleáin ar na mallaibh.



Ag coinneáil súil ar na himeachtaí

# Campa Samhraidh Chéim Aniar - Lúnasa 2009










## Bronnadh an Dioplóma 2009

Bhain triúr déag Dioplóma sa Ghaeilge amach ón chúrsa a bhí ar siúl sna Dúnaibh i rith an gheimhridh i gcomhar le hOllscoil Mhig Aodha i nDoire.

Sna grianghraif thuas, ó chlé tá Máire Nic Íomhair, Micheál Ó Sibhleáin, Helena Uí Bhléine, Bernie Uí Dhumhchoin, Áine Nic Giolla Bhríde agus Martina Ní Mhaolagáin. As láthair ón phictiúir tá Gráinne Barnes, Bríd Barr, Mairéad Ní Dhomhnaill, Meadhb Ní Cheallacháin, Síle Mhic Mhuireartaigh, Eamann Mag Oirc agus Siobhán Mhic Neachtain. Comhghairdeas libh uilig. Comhghairdeas fosta le Caitlín Nic Giolla Bhríde, Cluain tSaileach a bhain Céim Onóracha sa Ghaeilge amach le hOllscoil Mhig Aodha. Chuir Caitlín tús lena cuid staidéir sa Ghaeilge ag an chúrsa Dioplóma sna Dúnaibh fosta. Cuireadh tús leis na ranganna seo arís ar 28 Meán Fómhair.

## Bronnadh na Céime



*Caitlín Nic Gioll Bhríde*

## Comhghairdeas a Bharney - 90 bliain d'aois!



Ó chlé tá Joe, Barney é féin agus Jimmy Bhoydie.

Déan teagmháil linn: Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill. Fón: 074 9154830
Facs: 074 9154830 Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta